V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10680 – PERMIRA / SESTANT / KEDRION / BPL)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 277/07)

1. An 8 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Permira Holdings Limited ("Permira", Geansaí),

— Sestant Internazionale S.p.A. ("Sestant", an Iodáil), atá á rialú ag baill de theaghlach Marcucci,

— Kedrion S.p.A. ("Kedrion", an Iodáil), atá faoi rialú deiridh Sestant,

— Bio Products Laboratory Holdings Limited ("BPL", an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Tiancheng International Investment Limited (an tSín).

Gheobhaidh Permira agus Sestant rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Kedrion agus BPL ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh é Permira a dhéanann infheistíochtaí cothromais phríobháidigh i gcuideachtaí atá gníomhach i raon leathan earnálacha,

— Is cuideachta sealbhaíochta airgeadais é Sestant a dhéanann maoirseacht ar shócmhainní idirnáisiúnta theaghlach Marcucci,

— Máthairchuideachta grúpa dhomhanda bithchógais is ea Kedrion a dhéanann speisialtóireacht i bplasma daonna a bhailiú agus i dtáirgí teiripeacha plasmadhíorthacha a fhorbairt, a tháirgeadh agus a dhíol,

— Oibríonn BPL ionaid bailiúcháin plasma ar fud na Stát Aontaithe agus táirgeann sé raon táirgí plasmadhíorthacha chun cóireáil a chur ar easpaí imdhíonachta, neamhoird fuilreatha agus galair thógálacha, mar aon le táirgí le haghaidh dianchúraim.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10680 – PERMIRA / SESTANT / KEDRION / BPL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË